Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Llywodraeth Cymru
Welsh Government

# Comhráiteas agus Comhphlean Gníomhaíochta na hÉireann is na Breataine Bige
2021–25

# Clár Ábhair

02 Comhráiteas

04 Comhphlean Gníomhaíochta

04 Réamhrá

06 Rannpháirtíocht Pholaitiúil agus Oifigiúil

08 Aeráid agus Inbhuanaitheacht

10 Trádáil agus Turasóireacht

12 Oideachas agus Taighde

14 Cultúr, Teanga agus Oidhreacht

16 Pobail, Diaspóra agus Spórt

18 Forléargas

# Comhráiteas

Simon Coveney TD,
An tAire Gnóthaí Eachtracha
agus an tAire Cosanta

Mark Drakeford MS,
Céad-Aire na Breataine Bige


*© Julian Behal / RGE*


*© Rialtas na Breataine Bige*

Is dlúthchomharsana iad an Bhreatain Bheag agus Éire. Tá ár gcaidreamh láidir agus dearfach tógtha ar shean-naisc agus tuiscint dhomhain chultúrtha. Is caidreamh nua-aimseartha agus beoga atá ann freisin, déanta de naisc agus comhoibriú i réimse leathan agus éagsúil gníomhaíochta.

Mar gheall ar an tíreolaíocht, tá scéal mara coiteann ag Éire agus an Bhreatain Bheag. Tá Muir Éireann, an píosa cúng uisce a nascann an dá tír, á trasnú leis na mílte bliain ag daoine ón dá thír. D'fhás ár gcaidreamh ó na naisc stairiúla sin, agus é fréamhaithe inár n-oidhreacht agus ár gcultúr coitianta chomh maith le naisc duine le duine, teaghlaigh, gnó, acadúla, cultúrtha agus spóirt. Táimid ceangailte freisin le ceangail láidre eacnamaíocha agus trádála le leibhéil shuntasacha easpórtála, infheistíochta agus turasóireachta eadrainn.

Tá luachanna agus spéiseanna coitianta againn freisin, mar thíortha nua-aimseartha atá nasctha go domhanda. Táimid tiomanta don chomhionannas agus inbhuanaitheacht a chur ar aghaidh, an oidhreacht chultúrtha a chur chun cinn agus rannpháirtíocht a dhéanamh leis an domhan i gcoitinne agus lenár ndiaspóra.

Díreach os cionn scór bliain ó shin, tháinig timpeallacht chumasaithe nua chun cinn don Bhreatain Bheag agus d'Éirinn. Áiríodh i gComhaontú Bhéal Feirste / Aoine an Chéasta 1998 bunú Comhairle na Breataine-na hÉireann, agus mar gheall ar thús an díláraithe in 1997 cruthaíodh Tionól Náisiúnta na Breataine Bige. Tá forbairtí nua ar an bhfód le blianta beaga anuas a chuir fuinneamh nua leis an gcaidreamh eadrainn: oscailt oifig Rialtas na Breataine Bige in Ambasáid na Breataine i mBaile Átha Cliath in 2012, agus athoscailt Ard-Chonsalacht na hÉireann in Caerdydd in 2019.

D'fhoilsigh Rialtas na Breataine Bige a *Straitéis Idirnáisiúnta* is déanaí in Eanáir 2020 agus leagtar amach straitéis na hÉireann don rannpháirtíocht idirnáisiúnta sa tionscnamh *Éire Dhomhanda 2025*. Tagann an Ráiteas seo as an dá straitéis sin, agus as an tiomantas i gClár an Rialtais chun caidrimh leis an mBreatain Bheag a neartú. Cuireadh an ráiteas i dtoll a chéile chun struchtúr agus léiriú praiticiúil a thabhairt dár bhfís faoin gcaoi ar féidir linn oibriú le chéile ar réimsí beartais comhroinnte.

Tugtar breac-chuntas sa Ráiteas seo ar thiomantas an dá thír leis an mBreatain Bheag agus Éire a thabhairt níos gaire dá chéile sa tréimhse as seo go 2025, ag díriú fuinneamh in athuair chun ár gcomhoibriú a neartú agus ár naisc a láidriú ar son ár gcomhleasa. Agus aghaidh á thabhairt againn ar impleachtaí COVID-19, teastóidh smaointeoireacht agus cruthaitheacht nua uainn. Teastaíonn nuálaíocht agus tiomantas chun an tacaíocht riachtanach a sholáthar chun daoine aonair, gnólachtaí, pobail agus earnálacha a atógáil ar bhealach inbhuanaithe, agus tugann sé sin comhthéacs uileghabhálach dár ngníomhartha pleanáilte.

Tá ballraíocht an dá thír agus rannpháirtíocht choitianta i gcláir AE ina ghné dhearfach dár gcaidreamh, ag éascú comhoibriú faoi bhláth thar Mhuir Éireann le blianta anuas. Tháinig athrú ar chaidreamh na hÉireann-na Breataine Bige cheana féin mar gheall ar imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE agus níl aon dabht ach go n-athróidh sé arís sna blianta romhainn. Agus é sin ráite, i gcás na hÉireann, tá an Bhreatain Bheag fós ina comhpháirtí nádúrtha ag an tír, agus beidh calafoirt na Breataine Bige fós ina ngeataí ríthábhachtacha chuig an mBreatain agus níos faide i gcéin. Don Bhreatain Bheag, tá Éire fós ar an gcomharsa Eorpach is cóngaraí agus ina comhpháirtí idirnáisiúnta tosaíochta di.

D’ainneoin an t-athrú atá romhainn nach féidir a sheachaint, **is í an mhian chomhroinnte atá againn go mbeidh an caidreamh is dlúithe agus is doimhne agus is féidir idir an Ríocht Aontaithe agus Éire, agus idir an Bhreatain Bheag agus Éire.** Fáiltímid roimh chothabháil agus chosaint an Chomhlimistéir Taistil sa chomhthéacs nua seo; ciallaíonn sé go mbeidh saoránaigh na hÉireann agus na Breataine fós saor le cónaí, oibriú, staidéar a dhéanamh, vótáil agus teacht ar sheirbhísí cúram sláinte agus sóisialta i dtíortha a chéile. Cumasaíonn an tsaoirse ghluaiseachta seo, agus an creat cearta a ghabhann leis, naisc shuntasacha ar fud na hÉireann agus na RA, lena n-áirítear idir Éire agus an Bhreatain Bheag.

Tá luach againn ar láidreacht agus athléimneacht ár nasc fadbhunaithe. Ar an gcaoi chéanna, táimid iomlán tiomanta, lena n-áirítear trí Chomhaontú Aoine an Chéasta, do chaidreamh láidir Thoir-Thiar. Táimid sásta go leanfaidh Éire agus an Bhreatain Bheag ar aghaidh a bheith ag obair as lámha a chéile i gcreat Chomhairle na Breataine-na hÉireann agus go dtagann ár lucht parlaiminte le chéile go rialta trí Thionól Parlaiminte na Briotáine-na hÉireann.

Aithníonn Éire agus an Bhreatain Bheag an ríthábhacht atá le forbairt inbhuanaithe, agus táimid tiomanta do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme. Tá a uaillmhianta léirithe ar bhonn foirmiúil ag Rialtas na Breataine Bige tríd an acht ‘Wellbeing of Future Generations Act 2015’ agus ceapadh Coimisinéir do na Glúnta le Teacht. Bhí Éire mar chomhúdar na SDGanna sna Náisiúin Aontaithe. Tá dul chun cinn maidir leis na spriocanna seo a bhaint amach tábhachtach d’uaillmhian na hÉireann dá téarma ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe 2021-22. Feicfimid an tiomantas comhroinnte seo don inbhuanaitheacht mar réimse inar féidir linn leanúint ar aghaidh ag comhoibriú agus ag comhroinnt dea-chleachtais, agus feidhmeoidh sé mar chreat le haghaidh ár dtosaíochtaí chun gnímh.

Le cúig bliana fichead anuas, tá cruthú nasc uathúil láidir agus dírithe á gcothú thar Mhuir Éireann, agus ag leibhéil áitiúla agus earnála, ag clár na hÉireann na Breataine Bige.[1] Táimid tiomanta d’oibriú le chéile chun na líonraí atá tagtha chun cinn tríd an gclár seo a chothabháil.

Leagtar amach sa Chomh-Phlean Gníomhaíochta ardleibhéil faoi iamh sé réimse chomhoibrithe, a bhfuil freagracht cineachta ag Rialtas na Breataine Bige ina leith. Is iad na réimsí sin:

1. Rannpháirtíocht Pholaitiúil agus Oifigiúil
2. Aeráid agus Inbhuanaitheacht
3. Trádáil agus Turasóireacht
4. Oideachas agus Taighde
5. Cultúr, Teanga agus Oidhreacht
6. Pobail, Diaspóra agus Spórt

Táimid tiomanta do theacht le chéile go bliantúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn fhorfheidhmiú na ngníomhartha a shainaithnítear i ngach réimse, agus chun an Plean Gníomhaíochta a athnuachan. Beidh Ard-Chonsalacht na hÉireann in Caerdydd agus Oifig Rialtas na Breataine Bige i mBaile Átha Cliath ag treorú sheachadadh an Phlean sin. Tionólfaidh siad agus spreagfaidh siad imeachtaí le tacú le naisc mharthanacha, dhearfacha. Áireofar air sin **Fóram na hÉireann-na Breataine Bige bliantúil** ardleibhéal nua, ina dtiocfaidh páirtithe leasmhara polaitiúla, eacnamaíocha agus níos leithne le chéile chun caidrimh a thógáil, machnamh a dhéanamh ar chomhar leanúnach agus breith a dhéanamh ar dheiseanna le haghaidh tuilleadh comhair.



Mawrth / Márta 2021

1 Clár mara trasteorann faoi shnáithe um Chomhar Críochach AE de Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a nascann eagraíochtaí, gnóthaí agus pobail ar chósta Thiar na Breataine Bige agus ar chósta Oirdheisceart na hÉireann.

# Comhphlean Gníomhaíochta

## Réamhrá

D'fhonn ár Ráiteas Comhroinnte 2021-2025 a sheachadadh, shainaithin agus chomhaontaigh Rialtas na Breataine Bige agus Rialtas na hÉireann ar roinnt réimse coitianta i gcomhair tuilleadh comhoibrithe. Leagtar ár gclár oibre uaillmhianach, déthaobhach, ina bhfuil rannpháirtíocht pholaitiúil, eacnamaíoch agus chultúrtha amach sa Chomh-Phlean Gníomhaíochta Ardleibhéil seo. Buailfidh Airí lena chéile go bliantúil chun an plean a athbhreithniú agus a thabhairt chun dáta, rud a chuireann lenár gcomhobair leanúnach ar fud raon leathan réimsí beartais.

Tá forbairt inbhuanaithe, agus tiomantas chun todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint amach i gcroílár ár gcuir chuige faoi seach i dtaca le haisghabháil eacnamaíoch agus shóisialta ó COVID-19, agus an éigeandáil aeráide agus bithéagsúlachta reatha. Mar gheall ar an bpráinn a bhaineann leo, beidh an aeráid agus inbhuanaitheacht ina sprioc thábhachtach dár gcuid oibre, thar sé réimse chomhoibrithe, a bhfuil freagracht cineachta ag Rialtas na Breataine Bige ina leith:

1. Rannpháirtíocht Pholaitiúil agus Oifigiúil
2. Aeráid agus Inbhuanaitheacht
3. Trádáil agus Turasóireacht
4. Oideachas agus Taighde
5. Cultúr, Teanga agus Oidhreacht
6. Pobail, Diaspóra agus Spórt




*Emma Coulthard, Imeacht Lá Fhéile Bríde 2020, Caerdydd.*
*© RGE*



*Bratacha na hÉireann agus na Breataine Bige ar shráideanna Caerdydd ar lá an chluiche.*
*© Rialtas na Breataine Bige*

I rith shaolré ár Ráiteas Comhroinnte 2021-2025, éascóimid agus tacóimid le comhoibrithe trína sheachadfar torthaí marthanacha, dearfacha agus a rachaidh chun sochair an dá thír. Beidh Fóram na hÉireann-na Breataine Bige a reáchtálfar go bliantúil, a thionólfaidh Ard-Chonsalacht na hÉireann in Caerdydd agus Oifig Rialtas na Breataine Bige i mBaile Átha Cliath lárnach chuige sin. Tarraingeoidh páirtithe leasmhara polaitiúla, eacnamaíocha agus níos leithne le chéile ag an imeacht agus deis a bheidh ann chun caidreamh a fhorbairt agus deiseanna reatha agus amach anseo a thabhairt i gcrích.

Le cúig bliana fichead anuas, tá cruthú nasc uathúil láidir agus dírithe á gcothú thar Mhuir Éireann, agus ag leibhéil áitiúla agus earnála, ag Clár na hÉireann na Breataine Bige. Táimid tiomanta don obair i dtionscadail reatha atá sa chlár cheana féin a chur chun cinn, mar aon le fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir tacú lena chomhpháirtithe chun cur leis an rath a bhí aige go dtí seo agus chun a líonraí a láidriú a thuilleadh.

Treoróidh Oifig Rialtas na Breataine Bige i mBaile Átha Cliath agus Ard-Chonsalacht na hÉireann in Caerdydd cur chun feidhme an Chomh-Phlean Ghníomhaíochta seo, arna dtacú faoi seach, ag Roinn Gnóthaí Eachtracha na hÉireann agus Foireann Caidreamh Poiblí Rialtas na Breataine Bige, mar aon le réimse leathan comhpháirtithe.

# 1

## Rannpháirtíocht Pholaitiúil agus Oifigiúil

Tógadh ár gcaidreamh déthaobhach láidir agus dearfach ar shean-naisc agus ar chomhthuiscint dhomhain, chultúrtha. Ón dílárú in 1999, tá na naisc ag éirí níos láidre le comhoibriú díreach ag leibhéal polaitiúil agus oifigiúil thar raon réimsí beartais, ag atreisiú comhoibriú agus malartú ar gach leibhéal ar fud réimsí sóisialta, cultúrtha, oideachais agus eacnamaíocha.

Tá nasc foirmiúil idir ár Rialtais trínár mballraíocht ar Chomhairle na Breataine-na hÉireann (BIC), institiúid de chuid Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta. Le dhá bhliain anuas, tá rannpháirtíocht Aireach agus oifigigh shinsearaigh ag éirí níos déine sa dá threo agus ar fud earnálacha. Tá nasc idir lucht Parlaiminte trí Thionól Parlaiminte na Briotáine-na hÉireann, agus tá scóip ann chun tuiscint agus naisc a dhoimhniú idir *Senedd Cymru* agus an tOireachtas.

D'fhonn guthanna a thabhairt le chéile ó gach earnáil, seolfaimid Fóram na hÉireann-na Breataine Bige bliantúil in 2021, fóram a bheidh mar spás nua tábhachtach i gcomhair idirphlé agus chun caidrimh a thógáil. Tionólfaidh Ard-Chonsalacht na hÉireann in Caerdydd agus Oifig Rialtas na Breataine Bige i mBaile Átha Cliath an Fóram. Comhaontófar téamaí don Fhóram go bliantúil agus beidh an inbhuanaitheacht agus téarnamh glas mar phríomhthéama den chéad Fhóram, ag deireadh 2021, roimh Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide 2021 (COP26), arna óstáil ag an Ríocht Aontaithe.



*Senedd Cymru, Cuan Caerdydd.*
*© Rialtas na Breataine Bige*



*Snowdon sa Bhreatain Bheag, mar a fheictear ó leithinis Bhinn Éadair, Baile Átha Cliath.*
*© Niall O'Carroll*

## Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Méadóimid an líon cuairteanna ardleibhéil gach bliain, ag tógáil ar chruinnithe débhliantúla an Taoisigh agus Chéad-Aire na Breataine Bige ag cruinnithe mullaigh Chomhairle na Breataine-na hÉireann, agus cruthóimid deiseanna i gcomhair tuilleadh rannpháirtíochta aireachta;
- Cinnteoimid go mbeidh rannpháirtíocht leanúnach idir Aire na Breataine Bige atá freagrach as Caidrimh Idirnáisiúnta agus Aire Gnóthaí Eachtracha na hÉireann, lena n-áirítear cruinniú bliantúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn an phlean gníomhaíochta seo;
- Tabharfaimid faoi chomhairliúcháin bhliantúla dhéthaobhacha ag leibhéal rialtais agus díreofar ar na réimsí beartais seo a leanas in 2021/22: diaspóra; dearadh agus cur chun feidhme beartas teanga; oideachas; tithíocht; cianobair; agus inbhuanaitheacht;
- Tionólfaimid an chéad Fhóram na hÉireann-na Breataine Bige bliantúil in 2021, ag tarraingt Airí agus réimse leathan páirtithe leasmhara le chéile chun caidrimh a fhorbairt, dearcthaí beartais a mhalartú, foghlaim a chomhroinnt agus comhoibriú a fhorbairt chun an caidreamh déthaobhach níos leithe idir Éire agus an Bhreatain Bheag a láidriú;
- Bainfimid an leas is fearr as oscailt oifigiúil Ard-Chonsalacht na hÉireann sa Bhreatain Bheag in 2021 chun ceiliúradh a dhéanamh ar ár gcaidreamh déthaobhach agus an caidreamh sin a thaispeáint sa Bhreatain Bheag agus in Éirinn;
- Neartóimid naisc pharlaiminte ag tacú le Senedd Cymru agus leis an Oireachtas chun deiseanna a fhiosrú i gcomhair malartuithe ar dhúshláin chomhroinnte, cuir i gcás, reachtaíocht a cheapadh don bheartas teanga, comhionannas agus inbhuanaitheacht;
- Tacóimid agus cuirfimid tosaíochtaí beartais ár rannpháirtíocht chomhroinnte in earnálacha oibre Chomhairle na Breataine-na hÉireann, eadhon pleanáil spásúil chomhoibritheach; tionscail chruthaitheacha; teangacha dúchais, mionlaigh agus neamhfhorleathana; cuimsiú digiteach; luathbhlianta; fuinneamh; comhshaol; tithíocht; mí-úsáid substaint; cuimsiú sóisialta agus iompar chun cinn;
- Fiosróimid deiseanna i gcomhair comhoibrithe idir oifig ionadaíoch Rialtas na Breataine Bige agus misean taidhleoireachta Éireannach, faoinár dtéamaí comhroinnte a bhaineann leis an diaspóra, inbhuanaitheacht agus teanga.

# 2

## Aeráid agus Inbhuanaitheacht

Is é an t-athrú aeráide dúshlán domhanda is mó ár linne, agus tá an dá rialtas comhaontaithe ar cé chomh práinneach is a theastaíonn freagra. Tríd an bPlean Gníomhaíochta seo, tabharfaimid tosaíocht don chomhobair a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe, trí oiriúnú agus maolú aeráide, fás glas agus aistrithe chuig neodracht charbóin agus geilleagar ciorclach. Creidimid gur féidir forbairt shóisialta agus eacnamaíoch agus téarnamh ó COVID-19 agus deiseanna a spreagadh don infheistíocht agus don fhás tríd ár ngeilleagair faoi seach a dhéanamh glas.



*Bhí feirm ghaoithe North Hoyle in Prestatyn ar an gcéad fheirm ghaoithe amach ón gcósta de chuid na Breataine Bige i Muir Éireann. © Rialtas na Breataine Bige*

Beidh soláthar iontaofa d'fhuinneamh atá sábháilte, slán agus glan ríthábhachtach chun deireadh a chur le breoslaí iontaise sna blianta amach romhainn agus beidh ról lárnach aige i gcruthú geilleagair láidir agus inbhuanaithe. Réimse eile ina bhfuil cumas mór maidir le comhoibriú agus fás is ea cumas gaoithe amach ón gcósta, go háirithe i réimse na taighde agus na forbartha. Tá cosaint éiceachóras mara agus aigéin ríthábhachtach freisin, agus leanfaimid ag tacú le comhoibriú trasna Mhuir Éireann agus idir pobail chósta.

Tugtar creat uileghabhálach dár gcuid oibre le chéile sa réimse seo i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe, agus tá Éire agus an Bhreatain Bheag tiomanta do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun feidhme go hidirnáisiúnta, agus sa bhaile. Is ar na daoine leochaileacha agus imeallaithe is mó a bheidh tionchar ag an athrú aeráide, agus le Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide 2021 (COP26) ar na bacáin, oibreoimid le cinntiú go gcloisfear a nguthanna agus guthanna na ndaoine óga agus na bpobal áitiúil sa díospóireacht.




*Idirphlé beartais maidir le 'Wellbeing of Future Generations Act' na Breataine Bige ag Seachtain na Breataine Bige 2020 i mBaile Átha Cliath.*
*© Rialtas na Breataine Bige*

## Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Malartóimid foghlaim ar dhul chun cinn i dtreo na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear reachtaíocht a leagan síos le haghaidh forbartha inbhuanaithe faoi '*Wellbeing for Future Generations Act 2015*' na Breataine Bige agus chun táscairí a fhorbairt le hinbhuanaitheacht agus folláine a thomhas;
- Bunóimid comhoibriú idir *Future Leaders Academy* na Breataine Bige agus Clár Toscaireachta na Náisiún Aontaithe don Óige na hÉireann maidir le saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar dhaoine óga;
- Fiosróimid deiseanna chun comhoibriú a dhéanamh ar an athrú aeráide agus chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA a chur chun feidhme go hidirnáisiúnta, trí Chlár Cúnamh Thar Lear na hÉireann (Cúnamh Éireann) agus a chomhpháirtithe, agus gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí na Breataine Bige ag oibriú chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a sheachadadh thar lear;
- Leanfaimid ag tarraingt aird ar thionchar agus ar thorthaí tionscadal a bhaineann le hoiriúnú aeráide agus pobail chósta i Muir Éireann agus á gcur chun cinn, faoi chlár *INTERREG* na hÉireann-na Breataine;
- Úsáidfimid ár líonraí chun naisc a chothú agus chun tacú le heagraíochtaí d'fhonn deiseanna a fhiosrú i gcomhair comhoibrithe i bhfuinneamh in-athnuaite Mhuir Éireann, i dtaighde agus forbairt; i bhfás an tslabhra soláthair; agus chun sármhaitheas taighde a thaispeáint i bhfuinnimh in-athnuaite[2];
- Tacóimid le forbairt Meabhrán Tuisceana *Celtic Sea Alliance* 2019 idir Éire, an Bhreatain Bheag agus Corn na Breataine, ina bhfuil *Marine Energy Wales*, *Marine Renewables Industry Association* (MRIA), agus *Cornwall and Isles of Scilly Local Enterprise Partnership* (LEP) páirteach;
- Spreagfaimid seachadadh an tionscadal idirnascaire Greenlink idir Loch Garman agus Pembrokeshire.

2 lena n-áirítear gaoth amach ón gcósta, sruth toinne agus sruth taoide agus raon taoide sheasta agus ar snámh

# 3

# Trádáil agus Turasóireacht

Tá sreabhadh trádála lárnach i naisc eacnamaíocha láidre idir Éire agus an Bhreatain Bheag, agus tá agus fanfaidh bealaí bád farantóireachta trínár gcalafoirt ríthábhachtach do nascacht daoine agus earraí. Feidhmíonn 85 cuideachta Éireannacha sa Bhreatain Bheag faoi láthair, ag fostú timpeall 6,770 duine, fad is gurbh fhiú £1.69 billiún easpórtálacha na Breataine Bige go hÉirinn in 2019.

Anuas ar na naisc trádála díreacha, tá ról ríthábhachtach ag an droichead talún a nascann Éire le margaidh AE eile i ngeilleagar na dá thíre. Oibreoidh Éire agus an Bhreatain Bheag le chéile chun tacú le gnóthaí dul i ngleic leis an gcomhthéacs nua sa Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. Ar a bharr sin, tacóidh ár gcomhlachtaí um chur chun cinn agus infheistíocht trádála faoi seach le gnóthaí na Breataine Bige agus na hÉireann chun deiseanna forbartha easpórtála nua a shainaithint, luach a chur le slabhraí soláthair reatha, agus naisc ghnó le gnó nua a spreagadh.

Mar gheall ar chóngaracht an dá thír ar a chéile agus na cosúlachtaí idir ár ngeilleagair, uaireanta bíonn earnálacha in iomaíocht le chéile le haghaidh sciar den mhargadh nó infheistíocht idirnáisiúnta, ach, in ainneoin sin, tá deiseanna láidre ann chun slabhraí soláthair a chomhtháthú, mar aon le comhoibriú a dhéanamh, lena n-áirítear taighde agus forbairt.

Príomhearnáil straitéiseach is ea an turasóireacht a mbaineann tairbhí tábhachtacha léi don fhorbairt réigiúnach sa dá gheilleagar, anuas air sin d'fhéadfadh sí fostaíocht shuntasach a sholáthar. Agus earnáil na turasóireachta ag féachaint le teacht ar ais i ndiaidh thionchar COVID-19, oibreoidh an Bhreatain Bheag agus Éire le chéile chun ceachtanna maidir le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo a chomhroinnt lena chéile.



*Tá Teach Solais Dhún Criofainn lonnaithe ar Cheann Bhinn Éadair ar an taobh eile de Mhuir Éireann ó Inis Món sa Bhreatain Bheag. © Rob Durston / Fáilte Ireland*



*Caisleán Caerphilly á lompú Glas, Deisceart na Breataine Bige, Lá Fhéile Pádraig, 2020. © Alistair Heap / Press Association*



*Suíomh iomráiteach turasóireachta agus caomhnaithe is ea Porthor, Gwynedd, agus tá sé ar cheann de na pointí is gaire d'Éirinn ar chósta na Breataine Bige.*
*© Rialtas na Breataine Bige*

## Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Oibriú le príomhpháirtithe leasmhara agus tacú leo, lena n-áirítear gníomhaireachtaí bolscaireachta agus Comhlachais Tráchtála, le tacú le seachadadh misean trádála, lena n-áirítear cuairteanna fíorúla, i bpríomhearnálacha;

- Comhroinnfimid cuir chuige beartais agus cuirfimid comhoibriú chun cinn i gcomhair téarnamh glas ó thionchar Covid-19, lena n-áirítear ag leibhéal réigiúnach sa Bhreatain Bheag trí *North Wales Regional Deal*, agus Tuaisceart na Breataine Bige mar chuid den réigiún *Northern Powerhouse* níos leithne.

- Tacóimid le ceannairí agus le gníomhaireachtaí fiontair ábhartha chun comhlachtaí san earnáil phoiblí, agus ceannairí tuairime agus cinnteoirí a thuiscint, a threoshuíomh agus dul i ngleic leo, ar fud earnálacha tosaíochta faoi seach an fhuinnimh in-athnuaite, na n-eolaíochtaí saoil/an chúram sláinte, na dteicneolaíochtaí digiteacha, na tógála agus an bhonneagair, an aeraspáis, an bhia agus na dí, tionscail na hearnála poiblí agus chruthaitheacha;

- Tacóimid le fás comhoibrithe na hÉireann-na Breataine Bige san aeraspás, lena n-áirítear rannpháirtíocht ag Oifig Rialtas na Breataine Bige i mBaile Átha Cliath le cruinniú mullaigh na heitlíochta i mBaile Átha Cliath in 2021, ag a ndíreofar ar an eitlíocht agus ar an gcomhshaol;

- Tacóimid le agus forbróimid deiseanna don chomhoibriú idir éiceachórais teicneolaíochta na Breataine Bige agus na hÉireann, cosúil leis an gcomhoibriú rathúil idir Cyber Ireland agus Cyber Wales i mBaile Átha Cliath ag Seachtain na Breataine Bige 2020;

- Leanfaimid ag tacú le forbairt an chomhaontaithe comhpháirtíochta idir Ionad Fiontraíochta Guinness agus *Tramshed Tech*, ag leathnú nasc le moill thuaithe sa dá thír chun roghanna 'tuirlingt bhog' a chur chun cinn do chuideachtaí na Breataine Bige agus na hÉireann araon;

- Cuirfimid comhoibriú tionsclaíoch iomchuí chun cinn i dtionscail na n-eolaíochtaí saoil in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag, lena n-áirítear trí *Celtic Advanced Life Sciences Network* (CALIN), atá faoi threoir Ollscoil Swansea[3];

- Cuirfimid tús le pléití trialacha chun comhoibriú agus comhar féideartha a chothú idir ár ngníomhaireachtaí turasóireachta faoi seach, Fáilte Éireann, Turasóireacht Éireann agus *Visit Wales*.

3 Tacaíonn clár INTERREG na hÉireann na Breataine Bige le CALIN agus tá sé á threorú ag Ollscoil Swansea le comhpháirtithe in OÉ Gaillimh, Institiúid Náisiúnta Tyndall, Ollscoil Bangor agus Ollscoil Caerdydd.

# 4

## Oideachas agus Taighde

Ó ré na manach, tá scoláirí ag bogadh go rialta idir an Bhreatain Bheag agus Éire, traidisiún a léirítear i malairtí níos déanaí idir mic léinn, daltaí, taighdeoirí, oiliúnaithe agus acadóirí idir institiúidí acadúla na hÉireann agus na Breataine Bige.



*An Seomra Fada sa tSean-Leabharlann, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.*
*© Phil Behan / RGE*

Tá go leor de na naisc láidre agus torthúla reatha idir institiúidí acadúla fréamhaithe i gcláir AE amhail na Cláir um Chreat Taighde (Fís 2020), Erasmus+, Clár na hÉireann na Breataine Bige agus cláir chomhair thaighde na RA-na hÉireann. Agus muid ag dul i ngleic leis an gcomhthéacs nua leis an RA taobh amuigh den AE, táimid tiomanta do thacú le hinstitiúidí chun gach bealach a fhiosrú d'fhonn na comhoibrithe láidre seo a chothabháil.

Tá deiseanna ann d'fhoghlaim piaraí le haghaidh scoileanna sa Bhreatain Bheag agus in Éirinn, a bhfuil dúshláin agus deiseanna den chineál céanna rompu go háirithe maidir le teanga, foghlaim dhigiteach agus an fhreagairt ar COVID-19. Choinnigh scoileanna sa Bhreatain Bheag saoráid mhoill ar bun i gcomhair oibrithe na líne tosaigh, mar aon le tacaíocht d'fhoghlaimeoirí trí ardán digiteach náisiúnta; tá foghlaim le fáil sa dá thaithí sin do gach cuid de na hoileáin seo.

Aithnímid go bhfuil sé de chumas ag Gaelscoileanna agus scoileanna trí mheán na Breatnaise foghlaim ó dhúshláin agus eispéiris chomhroinnte maidir le feidhmiú i mionteanga laistigh de phobail dhátheangacha níos leithne, agus leas is fearr a bhaint as an dul chun cinn atá á ndéanamh maidir le deiseanna ar líne le haghaidh tacaíocht theangeolaíoch agus chultúrtha.



*Ollscoil Bangor, an Bhreatain Bheag.*
*© Rialtas na Breataine Bige*




*Baill de Urdd Gobaith Cymru agus TG Lurgan le chéile ag seoladh a gcomhpháirtíocht dhátheangach i mBaile Átha Cliath.*
*© Urdd Gobaith Cymru*

## Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Tacú le comhoibriú méadaithe idir ár nAirí agus ár Ranna Oideachais, agus scoileanna, lena n-áirítear comhar maidir le hardáin dhigiteacha náisiúnta, teanga agus cultúr;
- Deiseanna a shainaithint agus a chur chun cinn le haghaidh comhoibriú, soghluaisteacht agus malartú acadúil agus mac léinn;
- An fhéidearthacht a bhaineann bunú comhaltachtaí taighde nua idir an Bhreatain Bheag agus Éire a fhiosrú;
- Éascóimid agus tacóimid le himeachtaí / ceardlanna comhoibrithe acadúla sa dá thír ina bhfiosrófar roghanna chun na naisc láidre idir acadóirí agus gnóthaí a chothú;
- Tacóimid le malairt ceannairí smaointeoireachta agus acadóirí ceannródaíocha in Ard-Chonsalacht na hÉireann sa Bhreatain Bheag agus Oifig Rialtas na Breataine Bige i mBaile Átha Cliath, ag cur tús le léacht bliantúil ardleibhéil “Naomh Pádraig agus Naomh David” le chéile in 2021, atá le hóstáil sa Bhreatain Bheag agus in Éirinn gach re bliain;
- Cuirfimid le pléití leanúnacha níos leithne ag tacú le rannpháirtíocht níos dlúithe, níos dírithe idir Ollscoileanna na Breataine Bige agus na hÉireann, mar aon le heagraíochtaí geallsealbhóra eile, lena n-áirítear Comhlachas Tráchtála na Breataine agus na hÉireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) agus Ollscoileanna na Breataine Bige;
- Glacfaimid páirt, mar bhreathnóirí, ar ghrúpa oibre Chomhlachas Tráchtála na Breataine agus na hÉireann maidir le hOideachas agus Taighde, agus tacóimid le agus tógfaimid ar an tsraith taighde agus imeachtaí ‘Naisc Cheilteacha’ (*Celtic Connections*).

# 5

## Cultúr, Teanga agus Oidhreacht

Baineann Éire agus an Bhreatain Bheag tairbhe as oidhreacht chultúrtha shaibhir atá comhroinnte go minic agus atá faoi bhláth sa dá thír. Tá ról ríthábhachtach ag ealaíontóirí sa dá thír, ag caomhnú foirmeacha ealaíne traidisiúnta agus ag déanamh athshamhlú agus ag tabhairt léiriú ar ár sochaithe reatha trí shúil nua-aimseartha agus cruthaitheach.

Go domhanda, cuirimid ár n-aitheantais chun cinn trínár dtaibheoirí cultúrtha, agus sa bhaile tá na tionscail chruthaitheacha ríthábhachtach go heacnamaíoch agus go sóisialta. Cuireadh dúshlán ar na hearnálacha cruthaitheacha agus oidhreachta go háirithe mar gheall ar an bpaindéim agus teastóidh tacaíocht mhéadaithe uathu le téarnamh agus le bheith faoi bhláth arís.

Tá roinnt dár n-institiúidí cultúrtha náisiúnta agus áitiúla gníomhach i réimse leathan tionscnamh a thacaíonn le healaíontóirí, scríbhneoirí, taibheoirí agus comharghrúpaí le hoibriú le chéile. Bogann ceannairí in institiúidí cultúrtha agus ealaíonta go saor idir Éire agus an Bhreatain Bheag, agus tá nasc láidir idir eagraíochtaí pobail agus áitiúla, le rannpháirtíocht na hÉireann trí Chonradh na Gaeilge ag an Eisteddfod náisiúnta, go leor malairtí ceoil agus damhsa ag leibhéal áitiúil, agus craobh de Chomhaltas i nDeisceart na Breataine Bige.

Tá luach againn ar thábhacht na teanga agus na héagsúlachta cultúrtha ar na hoileáin seo, agus tá a fhios againn gur féidir linn foghlaim óna chéile i réimsí forbartha an bheartais teanga agus an dátheangachais.



*Other Voices ag Séipéal Naomh Muire, Ceredigion.*
*© Rialtas na Breataine Bige*




*An Eisteddfod Náisiúnta 2018, Caerdydd.*
*© Rialtas na Breataine Bige*



*Lynn Scarff, Stiúrthóir, Ard-Mhúsaem na hÉireann le David Anderson, Ard-Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na Breataine Bige/Amgueddfa Cymru.*
*© Paul Sherwood/ Ard-Mhúsaem na hÉireann*

## Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Tacaíocht a thabhairt don chaidreamh láidir agus atá ag fás idir ár gComhairlí Ealaíon, *Wales Arts International* agus Cultúr Éireann trí chruinniú fiorúil de ghrúpa páirtithe leasmhara chun comhoibriú a fhorbairt agus a bhreisiú;
- Leanfaimid ag tacú le comhoibrithe do thaispeántais ealaíonta ag féilte, lena n-áirítear Féile Naomh Pádraig, WOMEX, Horizons agus an Eisteddfod Náisiúnta; agus breiseoimid deiseanna le haghaidh comhoibriú agus malairt liteartha ag tacú le heagraíochtaí cultúrtha, foilsitheoirí, scríbhneoirí agus príomhpháirtithe leasmhara eile, amhail Éigse Éireann, Áras Scríbhneoirí na hÉireann, *Literature Wales agus Academi*;
- Déanfaimid iarracht tacú leis na naisc atá ag fás idir ár músaeim agus leabharlanna náisiúnta, lena n-áirítear comhroinnt foghlama agus míreanna idir Ard-Mhúsaeim na Breataine Bige agus na hÉireann, mar a leagtar amach ina Meabhrán Tuisceana, a síníodh i Márta 2019;
- Leanfaimid ag tacú le, agus ag cur chun cinn, an chomhpháirtíocht trí bliana a thosaigh in 2019 le Féile *Other Voices* agus Lleisiau Eraill idir *South Wind Blows*, *Theatr Mwldan* agus *Triongl TV*. Déanfaimid iarracht deiseanna a fhorbairt le dul i ngleic le *Ireland's Edge*, sraith imeachtaí cruthaitheacha ildisciplíneacha atá ina shnáithe shainiúil den fhéile cheoil agus smaointe, *Other Voices*;
- Tacóimid le tionscnaimh agus tionscadail reatha ina gcuirtear feasacht agus eolas ar ár stair chomhroinnte agus ár n-oidhreacht thógtha chun cinn, agus spreagfaimid eagraíochtaí a bhfuil suim acu ann chun deiseanna nua a shainaithint, lena n-áirítear i gcomhthéacs "deich mbliana na gcomórthaí céad", *RMS Leinster*, Comóradh an Ghorta Mhóir in Caerdydd, agus Frongoch i dTuaisceart na Breataine Bige;
- Tacóimid le forbairt comhpháirtíochtaí idir ár n-eagraíochtaí óige a chuireann úsáid na Breatnaise agus na Gaeilge chun cinn, faoi seach, agus a éascaíonn agus a chuireann chun cinn go sonrach an clár comhpháirtíochta trí bliana idir Coláiste Lurgan agus *Urdd Gobaith Cymru* chun foghlaim agus an dea-chleachtas sa teicneolaíocht dhigiteach a chomhroinnt;
- Leanfaimid ag obair trí earnáil oibre theangacha dúchais, mionlaigh agus neamhfhorleathana Chomhairle na Breataine-na hÉireann chun tacú le forbairt agus comhar beartais le haghaidh teangacha dúchais;
- Soláthróimid os cionn €150,000 le tacú le teagasc na Gaeilge ag Ollscoil Aberystwyth agus ag Ollscoil Caerdydd in 2020/21 agus 2021/22 agus chun deontais Rialtas na hÉireann a sholáthar do mhic léinn ó na cúrsaí seo ar mian leo tréimhse a chaitheamh ag staidéar i nGaeltacht na hÉireann.

# 6

## Pobail, Diaspóra agus Spórt

Tá teagmhálacha duine le duine i gcroílár ár ndlúthchaidrimh. Ó amanna na gCeilteach, trí thréimhse na Normannach, an réabhlóid tionsclaíoch, agus suas go dtí an lá atá inniu ann, tá teaghlaigh agus daoine aonair ag bogadh idir Éire agus an Bhreatain Bheag sa dá threo, agus ar fud an domhain, de rogha nó chun saol níos fearr a bhaint amach.




*Foireann CLG Naomh Sheosaimh Swansea ag Páirc an Chrócaigh.*
*© Páraic Ó Madóig*

Fianaise is ea go ndearnadh an chéad chraoladh raidió Breatnaise as Baile Átha Cliath go bhfuil naisc níos nua-aimseartha ann, mar aon leis na clubanna sóisialta, spóirt agus ceoil Éireannacha atá faoi bhláth ar fud na Breataine Bige.

Tá an nasc idir Tuaisceart na Breataine Bige agus ceantar Bhaile Átha Cliath/Chill Mhantáin an-láidir, chomh maith leis an nasc le Swansea/Corcaigh, agus díreoimid ar aird a tharraingt ar na naisc seo.

Táimid tiomanta dár n-eispéiris a chomhroinnt maidir le dul i dteagmháil lenár ndiaspóra agus foghlaim óna chéile chun ár naisc a neartú agus a shaibhriú lenár bpobail diaspóra thar lear.

Roinneann an Bhreatain Bheag agus Éire paisean do spórt de gach cineál; idir spórt pobail na cosmhuintire agus spórt ag leibhéal gairmiúil. Nascann an paisean comhroinnte sin muid ar bhealach fónta, agus cuireann an dá Rialtas rannpháirtíocht i spórt chun cinn le haghaidh folláine aonair agus pobail. Is léiriú breise ar an stair fhada atá ag pobail na hÉireann sa Bhreatain Bheag an athbheochan reatha atá ag tarlúint maidir le clubanna Chumann Lúthchleas Gael (CLG) sa tír.



*Baill de phobal na Breataine Bige in Éirinn bailithe ag EPIC, Músaem Imirce na hÉireann, i mBaile Átha Cliath.*
*© Rialtas na Breataine Bige*





*Hugo Keenan na hÉireann agus George North na Breataine Bige san iomaíocht don liathróid i rith sraith Chorn Náisiún an Fhómhair i mí na Samhna 2020.*
*© Brian Lawless/Press Association*

## Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Fiosróimid an fhéidearthacht a bhaineann le hiasacht ar leibhéal oifigigh ó Rialtas na Breataine Bige chuig Aonad na nÉireannach Thar Lear i Roinn Gnóthaí Eachtracha na hÉireann chun ár malartú faisnéise agus saineolais i rannpháirtíocht dhíreach agus indíreach diaspóra a mhéadú;
- Forbróimid rannpháirtíocht lenár bpobail diaspóra, lena n-áirítear trí chomhimeachtaí, nuair is féidir;
- Trí Ard-Chonsalacht na hÉireann sa Bhreatain Bheag, cuirfimid feasacht agus rochtain ar fáil ar mhaoiniú Chlár Tacaíochta Imirceach Rialtas na hÉireann le haghaidh eagraíochtaí a thacaíonn le pobail na hÉireann sa Bhreatain Bheag;
- Roinnfimid dea-chleachtas maidir le rannpháirtíocht agus cuimsitheacht sa spórt a mhéadú d'fhonn torthaí sláinte agus folláine níos leithne a chur chun cinn ar fud na sochaí;
- Sainaithneoimid agus cuirfimid chun cinn le chéile naisc reatha idir pobail, cosúil le comhchathracha; scoileanna; agus cumainn spóirt, trí phobail a bhfuil spéis acu iontu a chur i dtreo an údaráis áitiúil agus tacaíochtaí eile cuí;
- Forbróimid na naisc spóirt thábhachtacha atá eadrainn, lena n-áirítear trí naisc a chothú idir eagraíochtaí spóirt, agus imeachtaí a óstáil a bhaineann an leas is fearr as deiseanna chun naisc agus líonraí a chruthú nuair a bhíonn cluichí rugbaí fear agus ban na Sé Náisiún, chomh maith le himeachtaí spóirt eile ar siúl;
- Trí Ard-Chonsalacht na hÉireann sa Bhreatain Bheag, leanfaimid ag tacú le fás agus forbairt na gCluichí Gaelacha sa Bhreatain Bheag, trí chlubanna CLG pobalbhunaithe.

# Forléargas

## Ionadaíocht



D'oscail **Oifig Ionadaíoch Rialtas na Breataine Bige in Éirinn** in 2012.

**D'athoscail Éire a hArd-Chonsalacht in Caerdydd** in 2019

## An Saol Acadúil



Tarraingíonn *Celtic Advanced Life Sciences Network* (CALIN), le tacaíocht ó chlár *INTERREG* **na hÉireann-na Breataine Bige** agus **á stiúradh ag Ollscoil Swansea**, lucht gnó, léinn agus saineolaithe cliniciúla le chéile **chun fás agus nuálaíocht a spreagadh in earnáil na n-eolaíochtaí beatha in Éirinn** agus **sa Bhreatain Bheag.**

## Trádáil






**Feidhmíonn 85 cuideachta Éireannacha** sa Bhreatain Bheag, ag fostú timpeall **6,770 duine.**

(Rialtas na Breataine Bige).





**B'fhiú £1.69 billiún easpórtálacha na Breataine Bige go hÉirinn** in 2019, rud a fhágann **Éire ar an 4ú comhpháirtí trádála is mó atá** ag an mBreatain Bheag



(Rialtas na Breataine Bige).

## Forbairt Inbhuanaithe



Bhí Éire **mar chomhchathaoirleach sna hidirbheartaíochtaí idir-rialtasacha maidir** le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na NA.

**Tá reachtaíocht ceaptha ag an mBreatain Bheag chun (SDGanna) na Náisiún Aontaithe** a chur chun feidhme tríd an acht '*Wellbeing of Future Generations Act 2015*'.



## Cultúr agus Oidhreacht

**Sampla is ea an Meabhrán Tuisceana** 2019 idir Ard-Mhúsaeim na Breataine Bige agus na hÉireann chun foghlaim agus míreanna a chomhroinnt



de na **naisc atá ag fás idir ár músaeim agus leabharlanna náisiúnta.**


## Pobal agus Spórt



Tá ionadaíocht á déanamh ag clubanna pobalbhunaithe **sa Bhreatain Bheag ar an gCumann Lúthchleas Gael (CLG)** ar feadh os cionn **60 bliain.**



**Tá Cór Fear Bhaile Átha Cliath na Breataine Bige ar an bhfód ar feadh os cionn 50 bliain** agus bhunaigh **Cumann Naomh David é,** ag deireadh na 19ú haois.



Gach dhá bhliain, **téann clubanna rámhaíochta Éireannacha** agus ón **mBreatain Bheag** san iomaíocht i **rás rámhaíochta Celtic Challenge** 150km ón Inbhear Mór go Aberystwyth.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Llywodraeth Cymru
Welsh Government

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Llywodraeth Cymru
Welsh Government